

Ag Dul ar Aghaidh le Chéile

Retyped from original in June 2007

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Ag dul ar Aghaidh le Chéile

**Réamhrá do Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta do
Thuismitheoirí**

Réamhrá

1

Mar thuismitheoir, is tusa chéad mhúinteoir do linbh. Cuireann tú luachanna agus dearcaidh ar aghaidh chuig gach glúin nua leanaí. Is é cuspóir scoil do linbh ná comhoibriú leat sa chúram tábhachtach seo. Riamh anall, tá níos mó ná na trí scil bhunúsacha – Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Matamaitic – tugtha ag scoileanna do leanaí. Tugann scoil seans do leanaí iad féin a fhorbairt agus fás aníos mar dhaoine aibí. Tá clár nua do leanaí ag tosnú i scoileanna mar thacaíocht don obair thábhachtach seo. Is é a ghlaotar ar an gclár ná Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

Mar thuismitheoir tugtar cuireadh duit cabhair a thabhairt chun cinneadh a dhéanamh faoi conas a mhúinfear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i scoil do linbh.

Is í an chéad chéim duitse ná a fháil amach cad is Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ann. Cabhróidh an leabhrán seo chun roinnt de na ceisteanna atá agat faoina bhfuil sa chlár nua a fhreagairt. Míneoidh sé chomh maith conas is féidir leat a bheith páirteach sa chlár nua i scoil do linbh.

Cad é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)?

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Nuair is baill de theaghlach sinn agus nuair atá cairde againn bíonn deiseanna againn grá a thabhairt agus grá a fháil, smaointe agus mothúcháin a roinnt, a bheith 'sa bhaile'. Ach toisc go bhfuil sé riachtanach dúinn a bheith cairdiúil le daoine eile ní chiallaíonn sé go bhfuil a fhios againn go nádúrtha conas é seo a dhéanamh.

Ag leibhéal na bunscoile, is é cuspóir OCG ná cabhrú le leanaí chun foghlaim faoina bhfás féin agus a gcairdis agus a gcaidrimh le daoine eile. Bunófar an obair seo ar fhéiníomha dearfach a chruthú dóibh, meas orthu féin agus ar dhaoine eile a chothú agus an t-eolas cuí a sholáthar dóibh.

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, is é cuspóir OCG tógáil ar an gclár bunscoile agus eolas agus scileanna a sholáthar do dhaoine óga chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar an raon leathan eolais, tuairimí, dearcaidh agus luachanna atá ar fail inniu, i dtreo is gur féidir leo roghanna stuama agus dearfacha a dhéanamh fúthu féin agus faoin slí ina gcaitheann said a saol.

Is é cuspóir OCG ná deiseanna a sholáthar do leanaí agus daoine óga chun foghlaim faoi chaidrimh agus ghnéasacht i slite a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú i slí atá carthanach agus freagrach.

I suíomh na scoile, beidh OCG mar pháirt de chlár níos leithne in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Cad é Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)?

Cabhraíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte le forbairt obair na scoile chun sláinte agus folláine leanaí agus daoine óga a chothú, Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs a bhfás mórálta, sóisialta agus spioradálta, chomh maith lena bhforbairt intleachtúil, fisiciúil, reiligiúnda agus cruthaitheach.

Cuirfear OSPS mar ábhar ar churaclam na bunscoile agus na hiarbhunscoile go luath. Cuimseoidh clár scoile OSPS ábhair mar bhia sláintiúil, alcól, drúgaí, saincheisteanna imshaoil, sábháilteacht, freagracht shóisialta agus OCG.

Cuimseoidh an cur chuige do mhúineadh aon cheann de na hábhair in OSPS eolas soiléir a thabhairt do na daltaí, a bhféinmheas a neartú agus cabhair a thabhairt dóibh chun cumarsáid a dhéanamh, cinní a dhéanamh agus a mothúcháin a chur in iúl ar mhodh cuí.

Cén fáth go dteastaíonn OCG uainn?

Faigheann an-chuid leanaí eolas agus eolas contráilte faoi chaidrimh agus ghnéasacht ó 'ghallúntaí' teilifíse, i gclós na scoile, ó chairde atá níos sine ná iad – san iliomad suíomh agus slite nach mbíonn tuismitheoirí róshásta fúthu go minic ach nach mbíonn aon smacht acu orthu. Ina theannta san, is féidir go bhfaigheann leanaí teachtaireachtaí ón teilifíis, ó fhístéipeanna agus ó scannáin mar 'oibríonn foréigean'. *'Is cuma a bheith mímhacánta an fhaid is nach mbeirtear ort, 'Is féidir liom pé rud is maith liom a dhéanamh, anois!'*

Tá gá le cabhair a thabhairt do leanaí agus daoine óga éisteacht agus idirdhealú a dhéanamh idir dearcaidh dhifriúla agus iad féin a chur in iúl ar mhodh cuí.

Thug Grúpa Comhairleach a bhunaigh an tAire Oideachais i 1994 chun comhairle a thabhairt faoi OCG a chur ar bun i scoileanna na samplaí seo a leanas ó thaighde agus ó ghnáth-thabhairt faoi deara

- faigheann leanaí eolas atá neamhfhoirmiúil gan aon fheitheoireacht faoi chaidrimh agus ghnéasacht
- d'fhéadfadh a leithéid d'eolas a bheith míchuí agus míchruinn
- tá taithe ag daoine óga ar ghnásanna agus dhearcaidh ghnéasacha éagsúla a bhfaigheann said ó na meáin chumarsáide, go háirithe ón teilifís, ó scannáin agus irisí.
- tá leanaí ag teacht chun aibíochta ag aoiseanna níos óige
- tá rólanna fear agus ban sa tsochaí ag athrú
- baineann sainghnéithe sláinte le gnásanna gnéasacha
- tá daoine óga ag éirí gníomhach go gnéasach ag aoiseanna níos óige ná mar a tharla san am atá caite.
- tá nádúr shaol an teaghlaigh ag athrú i slí a chuireann a lán brú ar leanaí óga agus ar dhaoine óga.

Ar na cúiseanna seo, agus toisc go mbaineann oideachas le scoileanna don saol chomh maith le scoileanna d'fhoghlaim, chinn an Grúpa Comhairleach go raibh gá le clár OCG le bunús tathagach i scoileanna. Mar fhreagra ar seo, d'iarr an Roinn Oideachais ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnúnachta (CNCM) treoirínte curaclaim a fhorbairt in OCG i gcomhair bunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

OCG Sa Scoil

2

Mar sin, cad a fhoghlaimíodh leanaí agus daoine óga ?

Soláthrófar OCG tríd an mbunscoil ó naíonáin go dtí an séú rang, agus leanfaidh sé ar aghaidh san iarbhunscoil ón gcéad go dtí an séú bliain. Beidh sé ina churaclam bíseach. Ciallaíonn sé seo go bhfillfidh sé ar ábhair atá cosúil lena chéile gach aon bhliain. Déanfaidh sé forbairt ar na hábhair seo de réir aois agus aibíocht na leanaí.

Cuimseoidh ábhair do dhaltáí ó naíonáin shóisearacha go dtí an dara rang:

- ag cur tuairimí in iúl agus ag éisteacht le tuairimí daoine eile
- na hathruithe difriúla a tharlaíonn i gcoirp leanaí agus iad ag fás agus ag forbairt
- ag tabhairt aire dóibh féin chomh fada agus a bhaineann le glaineacht, suaitheadh coirp agus codladh
- a bheith sábháilte, a bheith ar an eolas faoi cad is ceart a dhéanamh má bhíonn said cailte
- mothúcháin mar sonas agus brón a aithint agus a chur in iúl
- tuiscint agus meas a bheith acu ar shaol an teaghlaigh

Ag Dul ar Aghaidh le Chéile

- ag déanamh cairde agus ag plé le cairde
- ag déileáil le 'titim amach' le cairde
- ag déanamh roghanna freagracha mar is cuí de réir a aoise

Cuimseoidh ábhair do dhaltáí ón trúú go dtí an séú rang:

- ag tabhairt aire dóibh féin chomh fada agus a bhaineann le glaineacht, suaitheadh coirp agus codhladh
- ag coiméad slán
- athruithe ina gcorp agus iad ag fás agus ag forbairt
- conas a ghintear agus a bheirtear leanaí clár do 5ú / 6ú rang)
- a mothúcháin agus an cur in iúl de na mothúcháin seo
- gaolta i bhfad amach i dteaghlaigh
- ag déanamh roghanna atá sláintiúil agus freagrach
- nádúr an chairdis
- ag déileáil le haighneas i gcairdis
- ag measúnú an cur i láthair caidreamh agus gnéasachta sna meáin chumarsáide

Cuimseoidh ábhair do dhaltáí na Sraithe Sóisearaí:

Fás agus Forbairt an Duine:

- tuiscint ar na hathruithe fisiciúla agus mothúcháin ag aois caithreachais
- torthúlacht, giniúint, ag iompar clainne agus breith
- galair gnéas tarchurtha mar VEID nó SEIF
- tuiscint ar thorthaí agus impleachtaí ghníomhaíochta ghnéasach

Gnéasacht an Duine:

- tuiscint agus meas ar cad a chiallaíonn sé bheith baineann nó fireann
- meas ar rólanna fear agus ban sa tsochaí inniu
- bheith ar an eolas faoi chlaontacht
- sábháilteacht phearsanta
- claonadh gnéasach

Caidrimh Dhaonna:

- scileann a fhorbairt maidir le caidrimh agus cairdis mhaithe a dhéanamh agus a choiméad
- rólanna agus freagrachtaí teaghlaigh
- iompar grúpa agus aighneas á réiteach
- tuiscint mar a oibríonn brú ó phiaraí

Tógfaidh ábhair do dhaltáí na Sraithe Sinsearaí ar...

ghnéithe a cludaíodh sa tSraith Sóisearach agus déileáilfear le saincheisteanna atá oiriúnach don duine óg. Cuimseoidh na hábhair:

Fás agus Forbairt an Duine:

- torthúlacht agus pleanáil clainne
- tuiscint níos doimhne ar impar clainne agus forbairt na gine

Ag Dul ar Aghaidh le Chéile

Gnéasacht an Duine:

- meas a thabhairt do mhná agus fhir ar bhonn cothrom
- ciapadh gnéasach
- drochíde ghnéasach, éigniú, cearta dlí; gníomhaireachtaí deonacha agus oifigiúla
- ag déanamh roghanna mórálta agus sláintiúla maidir le hiompar gnéasach

Caidrimh Dhaonna:

- tuiscint ar cad is caidreamh grách ann
- an gealltanais fadtéarmach atá mar dhlúthchuid den phósadh
- tuistiú agus saol an teaghlaigh

Nach bhfuil OCG á mhúineadh cheana féin i scoileanna ?

Tá. I gcásanna áirithe, nuair a thosnaigh scoileanna ag tairiscint Oideachas Sláinte agus Sóisialta mar fhreagra ar riachtanais leanaí agus daoine óga, atá ag athrú, is féidir go raibh OCG mar chuid de na cláir seo. Toisc go bhfuil naisc idir OCG agus ábhair eile, is féidir go bhfuil gnéithe áirithe OCG á mhúineadh cheana féin i do scoil. I mbunscoileanna, mar shampla, is féidir go bhfoghlaímíonn do leanbh faoi chodanna de OCG trí Chorpóideachas (CO), Oideachas Reiligiúnda (OR), an Clár Fan Slán, Daoneolas agus Eolas Imshaoil, agus trí chlár fhrith-bhulaíochta agus iompar dearfach. Is féidir go bhfoghlaímíonn daltaí iarbhunscoileanna faoi ghnéithe de OCG i CO, OR, Eachamaíocht Bhaile nó Bitheolaíocht.

Nuair a thosnaíonn scoileanna ar OCG a thabhairt isteach, is féidir go mbeadh orthu a dtráthchlár a atheagrú chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn teacht ag na leanaí agus na daoine óga ar fad ar an gclár foirmiúil OCG.

Cuirtear OCG ar fáil, chomh maith, go neamhfhoirmiúil, do dhaltaí trí atmaisféar scoile atá tacúil agus cabhrach. Cothaítear é i gcaidrimh dhearfacha sa bhaile, sa scoil agus sa phobal. Is féidir é a eagrú i gcomphairtíocht le gníomhaireachtaí eile, mar na seirbhísí sláinte áitiúla.

Conas a mhúinfear OCG?

Cabhraíonn cláir OCG, a n-éiríonn leo, le daoine óga chun páirt a ghlacadh ar shlí atá níos taitneamhaí, ina bhfoghlaím féin. Cuimsíonn modhanna múinteoireachta, díospóireacht grúpaí, rólghlacadh agus obair thionscadail. Múinfear OCG i slite a thabharfaidh deiseanna do bhur n-iníonacha agus mic dearcaidh, creidimh agus luachanna a phlé agus na scoileanna cuí a fhorbairt chun gur féidir leo cinnítí mórálta, eolasacha faoina saol a dhéanamh.

An mbeidh téacsleabhair OCG ag leanaí?

Cuirfear áiseanna ranga do mhúinteoirí ar fail do scoileanna. Tabharfaidh na ceachtanna seo, atá ullmhaithe ag múinteoirí leis an taithí chuí, raon leathan roghanna múinteoireachta do gach scoil de réir pholasaí na scoile. Is áiseanna iad d'úsáid an mhúinteora agus d'fhéadfadh an múinteoir codanna díobh a dháileadh ar na daltaí lena n-úsáid. Toisc, in OCG, go bhfuil an bhéim ar dhíospóireacht, mhachnamh agus pháirtíocht ranga, tá teorainn leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as téacsleabhair.

An bhfuil traenáil faighte ag múinteoirí chun OCG a mhúineadh?

Tá. Bunaíodh Seirbhís Traenála agus Tacaíochta OCG do scoileanna chun clár traenála leathan do mhúinteoirí a pheanáil agus a chur i gcrích. Tá an clár seo sa tsiúl ó Mhárta 1996. Ceann de na nithe is tábhachtaí ar leagadh béim ar le linn traenála is ea ról na dtuismitheoirí mar oidí dá leanaí féin mar thacaíocht do OCG i scoileanna.

Na Naisc idir an Baile agus an Scoil

3

An dtarláionn OCG sa scoil amháin ?

Ní tharlaíonn. Tosnaíonn oideachas neamhfhoirmiúil do OCG ón nóiméad a bheirtear do leanbh. Nuair a bhíonn tú ag plé le do leanaí, tugann gach rud a dhéanann tú teachtaireachtaí dóibh faoi chaidrimh dhaonna sa chiall is leithne de sin. Mar shampla, an tslí ina ndéanann tú meangadh gáire le do leanbh, an tslí ina labhrann tú, ina bhfáscann agus níonn tú do leanbh; an tslí ina n-éadaíonn tú do leanbh agus ina dtugann tú traenáil leithris dó (dì); an tslí ina labhrann tú le do leanbh faoina c(h)orp agus conas a oibríonn sé; an tslí ina spreagann agus ina bhfreagraíonn tú ceisteanna; an tslí ina réitíonn baill an teaghlaigh lena chéile – bíonn tionchar ag na rudaí seo ar fad ar dhearcaidh do leanaí fúthu féin agus faoi dhaoine eile agus faoin domhan mór.

Mar sin, tógfaidh an clár scoile OCG ar eispéiris leanaí sa bhaile agus lasmuigh den scoil.

Mar sin, cad a tharlóidh anois i mo scoil ?

Is í an chéad chéim do scoileanna chun OCG a thabhairt isteach sa scoil ná ráiteas polasaí OCG a dhréachtú. Míneoidh an ráiteas seo conas a chuirfear OCG i bhfeidhm i do scoil. Toghfar coiste ar a mbeidh tuismitheoirí, múinteoirí agus údaráis bhainistíochta chun an polasaí seo a dhréachtú. Is féidir go dtabharfar cuireadh duit dul go dtí criunniú scoile ag a dtoghfar beirt tuismitheoirí mar ionadaithe ar an gcoiste. Níos déanaí, gheobhaidh tú dréacht de ráiteas polasaí OCG an choiste agus tabharfar deiseanna duit do thuairimí agus dhearcaidh faoi a chur in iúl. Cuirfidh an coiste na tuairimí seo san áireamh sula ndrúachtfar an ráiteas deireanach polasaí OCG don scoil.

Beidh an ráiteas polasaí seo, tar éis do na húdaráis bhainistíochta glacadh leis, mar bhunús do chur i bhfeidhm clár OCG na scoile.

Conas go baileach is féidir liomsa tionchar a bheith agam?

Tá mórán slite ann inar féidir leat tionchar a bheith agat ar chur le chéile agus chur i bhfeidhm pholasaí OCG:

- trí fhreastal ar chruinnithe scoile ag a dtoghfar tuismitheoirí ar an gcoiste polasaí OCG
- trí dhul in iomaíocht sa toghchán don choiste nó trí dhuine eile a ainmniú
- trí vótáil ar son ionadaithe na dtuismitheoirí is fearr leat
- trí staidéar a dhéanamh ar an dréacht den ráiteas polasaí nuair a fhaigheann tu é agus trí do dhearcaidh air a chur in iúl trí na slite a bheidh curtha ar fáil
- trí úsáid a bhaint as na deiseanna atá curtha ar fáil duit chun na háiseanna don chlár OCG a scrúdú sa scoil.

An bhfuil ról ann do Chumann na dTuismitheoirí in OCG?

Ag Dul ar Aghaidh le Chéile

Tá, gan dabht. Is féidir go mbeadh fonn ar chumann tuismitheoirí cláir do thuismitheoirí a phleanáil i dtaca le OCG agus tá Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile ag forbairt áiseanna chun cabhrú le tuismitheoirí san obair seo.

Conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú lena chéile chun cabhrú le foghlaim a leanáil in OCG?

Foghlaimíonn tuismitheoirí óna chéile trí bheith ag caint agus ag éisteacht lena chéile, trína dtaithe a roinnt lena chéile agus trí chomhairle agus tacaíocht a thabhairt dá chéile. Tá mórán slite inar féidir le tuismitheoirí deiseanna a chruthú ionas gur féidir leo cabhrú lena chéile chun tacaíocht a thabhairt dá leanáil agus do dhaoine óga sa chlár OCG.

Seo a leanas roinnt smaointe:

- Tabhair spreagadh chun freastal ar chruinnithe scoile agus / nó cruinnithe chumann tuismitheoirí faoi OCG; bígí ann le chéile.
- Labhair le d'ionadaithe tuismitheoirí ar an gcoiste polasaí; más ionadaí tú féin, faigh amach cad a theastaíonn ó thuismitheoirí eile dá leanáil in OCG.
- Léigh an leabhrán seo agus doiciméid eile OCG le grúpaí tuismitheoirí eile. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh i dtithe a chéile, i seomra ranga sa scoil, san 'aonad' áitiúil le grúpaí cairde nó le tuismitheoirí chairde ranga do linbh.
- Téigh go dtí an leabharlann áitiúil agus go dtí siopaí leabhar chun ábhair oiriúnacha OCG a fháil.
- Roinn eolas ar leabhair agus áiseanna do dhaoine fásta agus leanáil
- Faigh amach faoi phleananna Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí faoi chlár do thuismitheoirí ar OCG; Déan freastal orthu agus tabhair spreagadh do dhaoine eile dul chucu chomh maith.

Roinnt Saincheistanna a d'Ardaigh Tuismitheoirí

4

An gciallaíonn OCG go gcaillfidh leanáil a soineantacht ?

Ní chiallaíonn OCG é seo. Ba choir dúinn, áfach, idirdhealú a dhéanamh idir soineantacht agus aineolas. D'fhéadfadh easpa eolais chruinn agus chúil do leanbh a fhágáil inníoch, trína chéile agus i bpriacail. Ar an lámh eile de, d'fhéadfadh soláthar eolais, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil chun díospóireacht agus cinntí a dhéanamh laistigh de chreatlach mórálta, a bheith an-chabhrach agus luachmhar.

Cabhróidh OCG chun SÁSTACHT, DÓCHAS, IONADH, IONTAOIBH CHUÍ, ÍDÉALACHAS, agus DÍOGRAIS a chothú i do leanbh; cáilíochtaí tarraingteacha na leanbaíochta is ea iad seo a chuireann soineantacht i gcuimhne dúinn.

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíodh leanáil an foclóir cuí chun gnéithe an tsaoil a bhaineann le gnéasacht, fás suas, agus athruithe fisiciúla a gcorp a phlé chun gur féidir leo cumarsáid mhuiníneach fúthu féin a dhéanamh.

Nuair a thosnaíonn leanáil ar scoil, ní neamhghnách agus, le firinne, is rud nádúrtha é, go mbíonn ainmneacha eile acu dá mbaill ghnéasacha. Ba choir, áfach go n-úsáidfid na téarmaí cearta ar bhaill agus ar fheidhmeanna an choirp ón aois is luaithe i dtreo is go dtabharfar stádas agus inghlachtacht do na téarmaí seo.

Nuair a éiríonn leanáil níos sine agus nuair a bhíonn said ar a gcompord leis na focail seo, is féidir leo gnéithe dá bhfás agus dá bhforbairt a phlé le saoráid. Chomh maith leis seo, ní bhíonn claonadh acu teanga gháirsiúil nó mhíchuí á úsáid agus iad ag cur síos ar an gcorp agus a fheidhmeanna.

Ag Dul ar Aghaidh le Chéile

An gcabhróidh OCG le leanaí chun roghanna freagracha a dhéanamh?

Cabhróidh. Bíonn tionchar ar na luachanna atá againn ar na roghanna agus na cinntí a dhéanaimid. Faighimid na luachanna seo ónár dtraidisiúin reiligiúnda agus chultúrtha agus ónár dteaghlach, scoil agus ónár bpobal chomh maith.

Cruthaíonn na modhanna a úsáidtear chun OCG a mhúineadh deiseanna do leanaí agus dhaoine óga dearcaidh, creidimh agus luachanna faoi an-chuid saincheisteanna a phlé agus scileanna a fhorbairt chun roghanna eolasacha agus freagracha a dhéanamh.

Nílím cinnte an dteastaíonn uaim go nglacfaidh mo leanbh páirt in OCG

Má tá tú imníoch faoi aon ghné de OCG, b'fheidir gurb i an chéad chéim duit ná an imní atá ort a phlé le múinteoir ranga do linbh nó leis an bpríomhoide ag leibhéal na bunscoile nó, ag leibhéal na hiarbhunscoile, leis an oide ranga nó leis an bpríomhoide.

Má roghnaíonn tú OCG a chur ar fáil sa bhaile, beidh meas ar do chearta mar thuismitheoir maidir le rannpháirtíocht do linbh in OCG ar scoil.

Tugann an tslí ina bhfuil OCG á thabhairt isteach i scoileanna deis duit chun a bheith páirteach go hiomlán in aon phleanáil a tharlaíonn i do scoil. Tugaimid spreagadh duit a bheith páirteach i bhforbairt chlár ráiteas polasaí OCG do scoile agus níos déanaí chun féachaint ar chlár do scoile.

Tá tú féin freagrach as eolas a bheith agat ar cad atá beartaithe sula ndéanann tú cinneadh faoin gclár OCG

Tá mo leanaí ag freastal ar scoil le beirt mhúinteoirí. An múinfear OCG dóibh ag an am céanna?

Múinfear gnéithe áirithe de OCG don rang ar fad. Cinnteoidh polasaí na scoile conas a dhéanfar soláthar do ghnéithe áirithe den chlár; mar shampla, saincheisteanna a bhaineann go háirithe le clár an 5ú agus an 6ú ranga.

Focal Scoir

Ní ligean éinne air go bhfuil sé furasta a bheith i do thuismitheoir na laethanta seo, ach tugtar deis dúinn dul ar aghaidh lenár leanaí agus foghlaím uathu – rud a shaibhríonn sinn ar fad. Mar a fheicfidh tú ón leabhrán seo, cuireadh an próiseas le chéile chun OCG a thabhairt isteach i scoileanna i dtreo is go bhféadfaí riachtanais, tuismitheoirí a chur san áireamh agus tá súil againn go dtabharfaidh an chuid sin den chlár atá bunaithe sa scoil tacaíocht duit sa ghné thábhachtach seo d'oideachas do linbh agus a ullmhúchán don saol.

Má theastaíonn a thuilleadh cóipeanna den leabhrán seo 'Ag Dul ar Aghaidh le Chéile' uait, déan teagmháil le do scoil nó le:

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Seirbhís Traenála agus Tacaíochta
Ionad Oideachais,
Droim Conrach
Baile Átha Cliath, 9
Tel: (01) 836 7624 Facs: (01) 857 1128